Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

# Scéim Deontais Ealaíon Féilte 2025

## TREOIRLÍNTE

**Léigh go cúramach, le do thoil, mar go dtugann an méid seo a leanas an treoir ábhartha duit chun d'fhoirm iarratais a chomhlánú agus a chur isteach.**

AN DÁTA DEIRIDH A nGLACFAR LE hHIARRATAIS DÉ LUAIN 17 FEABHRA 2025 @ 3 i.n.

**Má bhíonn iarratais déanach nó neamhiomlán nó buiséid neamhiomlán ní bheidh siad incháilithe**

## CUSPÓIR NA SCÉIME SEO

- Tá Scéim Deontais Ealaíon Féilte 2025 ar fáil ó Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí mar aitheantas ar an méadú atá ag teacht ar líon na bhféilte in Uíbh Fhailí le clár ealaíon agus an poitéinseal a bhaineann le cláir ardchaighdeáin chun cur le hacmhainn turasóireacht chultúrtha an chontae.
- Tá ról ar leith ag féilte agus ag imeachtaí maidir le timpeallacht ealaíon bhríomhar agus inbhuanaithe a fhorbairt ag leibhéal áitiúil agus ba cheart go léireofaí iontu smaointe nua agus bealaí oibre nua a d'fhéadfadh dul i gcion go mór ar ealaíontóirí agus ar lucht féachana.
- Aithníonn Comhairle Chontae Uíbh Fháilí an obair luachmhar a dhéanann coistí deonacha gníomhacha chun na féilte seo a fhorbairt agus a chothú.

## INCHÁILITHEACHT

Tá Scéim Deontais Ealaíon Féilte 2025 ag Comhairle Contae Uíbh Fhailí oscailte d'eagraíochtaí a chuireann féilte nó imeachtaí chun cinn a bhfuil ***cuspóir ealaíonta soiléir acu** ina mbeidh an fhéile ar siúl sa bhliain féilire 2025 i ndlínse Uíbh Fhailí. Sainmhínítear na hEalaíona mar cheol, litríocht, scannáin, digiteach, ealaíona pobail, amharclannaíocht, damhsa, na hamharcealaíona, ailtireacht. D'fhéadfadh féile a bheith ina foirm ealaíne amháin nó d'fhéadfadh réimse leathan foirmeacha ealaíne éagsúla a bheith i gceist léi. Is féidir féilte nó imeachtaí a chlárú thar roinnt míonna freisin (m.sh. sraith cheolchoirm shínte).

- Má mheasann an painéal roghnúcháin nach bhfuil dóthain ábhar ealaíne san iarratas ar fhéile, is féidir an fhéile a mheas laistigh de scéimeanna maoinithe eile (ach maoiniú a bheith ar fáil).

## CÉ NACH FÉIDIR LEO IARRATAS A DHÉANAMH?

- Eagraíochtaí tráchtála a roinneann brabúis amach ar chomhaltaí.
- Imeachtaí iomaíocha m.sh. i gcás inarb é an comórtas an ghné cheannasach den chlár
- Comhdhálacha/siompóisiamaí acadúla aonuaire nach bhfuil le leas an phobail i gcoitinne
- Gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl i suíomh foirmiúil oideachais nuair nach mbíonn an ghníomhaíocht ag plé go príomha leis an bpobal i gcoitinne
- Imeachtaí carthanachta/tiomsaithe airgid
- Féilte nó imeachtaí a tharla roimh an dáta deiridh sonrach don iarratas
- Paráidí

## CAD É AR FÉIDIR LEAT IARRATAS A DHÉANAMH AIR

- Táillí Ealaíontóirí (lena n-áirítear táillí taibhithe)
- Forbairt lucht féachana agus éisteachta (gníomhaíocht a dhéantar chun cabhrú le heagraíochtaí caidreamh leanúnach a fhorbairt le lucht féachana reatha agus lucht féachana nua)
- Costais agus Speansais Taistil d'ealaíontóirí/taibheoirí

## CAD É NACH FÉIDIR LEAT IARRATAS A DHÉANAMH AIR

- Gníomhaíochtaí nach mbaineann leis na healaíona (m.sh. oidhreacht, tráchtáil, ceardaíocht, spórt, aontaí bia)
- Cláir oiliúna do dhaoine aonair
- Margaíocht agus Poiblíocht
- Imeachtaí iomaíocha/tráchtála agus carthanachta

## RIACHTANACH

- Deimhniú imréitigh cánach agus uimhir rochtana do d'fhéile
- Cuntas Bainc in ainm na féile.
- Árachais a shlánaíonn Comhairle Chontae Uíbh Fhailí in aghaidh aon éilimh

## CRITÉIR CHUN IARRATAIS A MHEAS

Déanfaidh painéal measúnaithe arna ainmniú ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí athbhreithniú ar gach iarratas bunaithe ar na critéir seo a leanas. Tabhair faoi deara go bhfuil maoiniú teoranta **agus go bhfuil caighdeán na bhféilte a dhéanann iarratas agus atá á maoiniú an-ard**, mar sin ní mór duit na critéir mheasúnaithe agus an incháilitheacht a mheas go cúramach agus d'iarratas á dhéanamh agat. Is **den riachtanas** é <u>foirm iarratais iomlán agus mheasta</u> a dhéanamh a chloíonn leis na treoirlínte agus ina mbíonn gach ábhar tacaíochta a bhaineann le d'iarratas ag gabháil léi mar aon le tuairisc iomlán chaiteachais/ioncaim don fhéile ar fad**.**

**Féadfar an t-iarratas a dhícháiliú mura gcuirtear iarratas iomlán isteach,**

a. Cáilíocht ealaíonta agus ábhar an chláir atá beartaithe, ar bhonn neamhspleách agus ag tagairt d'iarratais iomaíocha.
b. Léiriú ar fhorbairt lucht féachana, rannpháirtíocht an phobail agus páirteachas do phobail reatha agus nua.
c. Léiriú go bhfuil an fhéile ag glacadh le gach deis tacaíochta phobail agus airgeadais ar mhaithe le húinéireacht i measc an phobail agus le hinbhuanaitheacht.
d. Measúnú ar inrochtaineacht agus inacmhainneacht na n-imeachtaí ealaíon do bhaill an phobail.

## IS TÁBHACHTACH É SEO A LEANAS A THABHAIRT DO D'AIRE

- **Buiséadú agus cláir:** Tuigimid go mb'fhéidir nach mbeidh sonraí imeachtaí 2025 tugtha chun críche go fóill, ach ag an bpointe seo beidh tuairim agat faoin gcineál cláir a bheidh á reáchtáil agat, faoi na gníomhartha agus na healaíontóirí ar mian leat iad a mhealladh agus conas is féidir leat freastal orthu laistigh de do chlár agus do bhuiséad, mar sin tá buiséad soiléir measta caiteachais/ioncaim ag teastáil don fhéile iomlán.
- **Maoiniú Dúblála:** Cinntigh le do thoil nach bhfuil aon dúbláil mhaoinithe ann ó Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, ón gCoiste Pobail agus Forbartha Áitiúil agus ó thionscadail atá maoinithe ag LEADER. Luaigh na gníomhaireachtaí go léir ar chuir tú iarratas chucu ar mhaoiniú

Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

# Scéim Deontais Ealaíon Féilte 2025

## CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH

## Cuir isteach faoin Dáta Deiridh - Dé Luain 17ú Feabhra 2025 @ 3i.n.

Pleanáil chun tosaigh, le do thoil. Tabhair neart ama duit féin chun an t-iarratas a chomhlánú. Mura bhfuil mír ábhartha, mínigh cén fáth. Tabhair faoi deara go bhfuil cáilíocht do fhreagra agus d'iarratais tábhachtach sa mheasúnú.

Cuir na nithe seo a leanas san áireamh le do thoil:

- Clár 2024
- Liosta na n-imeachtaí beartaithe 2025
- Ráiteas um Chumhdach Leanaí (má bhíonn tú ag obair le leanaí)
- Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta
- Árachais
- Ceadúnais agus Ceadanna
- CVnna / Meastacháin Ealaíontóirí

**Seol foirm iarratais chuig:**
Oifig Ealaíne
Comhairle Contae Uíbh Fhailí
Aras an Chontáe
Tulach Mhór,
Co.Uíbh Fhailí
R35 F893

## LE TABHAIRT DO D'AIRE

- Tá sé tábhachtach a bheith eolach ar fhéilte eile a bhíonn ar siúl i do cheantar féin, ba chóir a bheith cúramach lena chinntiú nach dtagann féilte salach ar a chéile ionas go n-uasmhéadófar rannpháirtíocht an lucht féachana, tacaíocht agus ioncam.
- Má fhaightear deontais bliain amháin ní chiallaíonn sé cúnamh deontais go huathoibríoch an bhliain dár gcionn.
- Ba cheart go gcabhródh féilte le híomhá dhearfach d'Uíbh Fhailí a chur chun cinn.
- Beifear ag súil go ndéanfaidh eagraíochtaí féilte iarrachtaí ioncam a uasmhéadú trí dhíolacháin ticéad agus urraíocht. Ba cheart dóibh plean a fhorbairt chun a n-inbhuanaitheacht a fheabhsú.

## Má theastaíonn cúnamh uait chun d'fhoirm iarratais a chomhlánú, seol ríomhphost chugainn ar arts@offalycoco.ie